



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 15 Iúil 2019
(OR. en)

11026/19

MOG 70
CFSP/PESC 575
IRAQ 3

TORADH NA nIMEACHTAÍ

ó: Ardrúnaíocht na Comhairle

chuig: na toscaireachtaí

Uimh. an doic. 11025/1/19, MOG 69, CFSP/PESC 560, IRAQ 2
roimhe seo:

Ábhar: Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Iaráic

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir leis an Iaráic, a ghlac an Chomhairle ag an gcrúinniú a bhí aici ar an 15 Iúil 2019.

Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Iaráic

1. Meabhraítear don Aontas na Conclúidí ón gComhairle i mí Eanáir 2018 inar formhuiníodh Straitéis an Aontais Eorpaigh don Iaráic. Athdhearbhaíonn an tAontas go dtacaíonn sé go huile agus go hiomlán le haontacht, ceannasacht agus iomláine chríochach na hIaráice, agus a thábhachtaí atá sé go nglacfadh an tír úinéireacht ar na próisis inmheánacha polaitiúla agus athchóirithe. Cuireann sé i dtreis a thiomantas leanúnach do chaomhnú shochaí na hIaráice mar atá sí, is é sin il-eitneach agus ilchreidimh. Athdhearbhaíonn an tAontas freisin a thacaíocht láidir d'Ionadaí Speisialta Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe agus d'obair Mhisean Cúnaimh na Náisiún Aontaithe don Iaráic.
2. Is athdhearbhú ar thiomantas na hIaráice don daonlathas na toghcháin chónaidhme a bhí ann i mí na Bealtaine 2018. Is díol sásaimh don Aontas gur bunaíodh Rialtas Cónaidhme, lena n-áirítear na ceapacháin airí a rinneadh le déanaí. Is den rithábacht anois go n-oibríonn na gníomhaithe polaitiúla agus na hinstitiúidí polaitiúla go léir san Iaráic i gcomhar le chéile chun dul i ngleic le riachtanais phráinneacha na tíre, go háirithe i dtaca le soláthar slándála, seirbhísí bunúsacha agus poist inbhuanaithe le haghaidh na nIarácach go léir ar fud na tíre. Is den riachtanas na céimeanna sin, maille le hiarrachtaí leanúnacha i dtreo an athmhuintearais náisiúnta agus áitiúil, agus go bhfillfidís siúd a easáitíodh go himmheánach, go deonach, slán, neamh-idirdhealaitheach, agus faoi dhínit, chun muinín a chur ar ais idir muintir na hIaráice agus a n-institiúidí polaitiúla.
3. Ní mór go mbeadh úinéireacht láidir ag an Iaráic féin ar na hathchóirithe agus ar an bpróiseas atógála. Ar an mbonn sin, athdhearbhaíonn an tAontas Eorpach go bhfuil sé ullamh tacú le Rialtas na hIaráice agus a chlár athchóirithe polaitiúla, sóisialta, eacnamaíocha agus slándála á chur chun feidhme aige, agus béim ar leith ar an méid seo a leanas:
 - a. An rialachas daonlathach agus cuimsitheach a neartú, an t-éilliú a chomhrac, an acmhainneacht institiúideach a fhorbairt, seirbhísí poiblí a fheabhsú, agus seirbhísí bunúsacha a sheachadadh go héifeachtach, go háirithe an t-uisce agus an leictreachas;

- b. An timpeallacht ghnó a fheabhsú, agus an bonn a chruthú do gheilleagar na hIaráice, a bheidh níos inbhuanaithe, níos éagsúlaithe, agus níos glaise i gcomhréir leis na gealltanais a thug sí ag Comhdháil Idirnáisiúnta Chuait d'Atógáil na hIaráice i mí Feabhra 2018. Iarrann an tAontas ar na comhpháirtithe idirnáisiúnta na gealltanais a thug siad i gCuait a chomhlíonadh go pras. Ní mór athchóirithe eacnamaíocha agus airgeadais chun tuilleadh infheistíochta agus tuilleadh tacaíochta a mhealladh;
- c. Is den rithábacht do chobhsaíocht na hIaráice feasta athchóiriú earnáil na slándála sibhialta, seasamh leis an smacht reachta, go mbeadh smacht éifeachtach ag an Stát san Iaráic ar gach grúpa armtha, agus urraim iomlán a thabhairt ar chearta an duine. Leanfaidh an tAontas gona Bhallstáit dá gcuid iarrachtaí, lena n-áirítear faoi chuimsiú na Comhghuaillíochta Domhanda in aghaidh Da'esh, chun tacú le húdaráis na hIaráice dul i ngleic leis an mbagairt ó Da'esh, nach bhfuil deireadh léi fós, chun an earnáil ceartais a neartú agus na póilíní a athchóiriú. Leanfaidh an tAontas freisin dá thacaíocht don Iaráic maidir le hathchóiriú na hearnála slándála sibhialta trí bhíthin Mhisean Comhairleach an Aontais Eorpaigh (EUAM an Iaráic).
4. I ngach ceann de na próisis sin, ní mór an tsaoránacht chuimsitheach, an urraim do chearta an duine, agus an comhionannas inscne a chur chun cinn. Ní foláir a áirithiú ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil go mbeidh na mná, an óige, an tsochaí shibhialta agus gach cuid de shochaí na hIaráice, lena n-áirítear mionlaigh eitneacha agus creidimh, rannpháirteach go hiomlán agus go dtabharfar lán-chosaint do chearta leanaí.
5. Is díol sásaimh don Aontas a thabhairt ar aird gur toghadh Uachtarán agus gur cuireadh Rialtas Réigiúnach na Cordastáine le chéile tar éis na dtoghchán réigiúnach i mí Mheán Fómhair 2018. Is díol sásaimh don Aontas an caidreamh feabhsaithe idir Rialtas Cónaidhme na hIaráice agus Rialtas Réigiúnach na Cordastáine, agus molann sé don dá pháirtí an t-idirphlé sin a choinneáil ar bun bunaithe ar Bhunreacht na hIaráice. Ní mór, go háirithe, an rialachas agus comhordú na slándála a fheabhsú sna "críocha atá faoi dhíos póid".
6. Tá an tAontas Eorpach dírithe ar chur i bhfeidhm an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta agus Comhair leis an Iaráic (CCC), lena n-áirítear an comhar polaitiúil feabhsaithe, agus ar chur i bhfeidhm leanúnach Straitéis an Aontais Eorpaigh don Iaráic ó Eanáir 2018. Tá tacaíocht airgeadais dar luach breis agus EUR 1.2 billiún tugtha ag an Aontas Eorpach don Iaráic ó 2014 i leith, agus sin ó institiúidí an Aontais Eorpaigh amháin.

7. Is díol sásaimh don Aontas an t-idirphlé a rinneadh le déanaí ar chúrsaí imirce bunaithe ar Airteagal 105 de CCC agus cuireann sé i bhfáth a thábhachtaí atá sé oibriú le húdaráis na hIaráice chun an comhar a neartú agus beart a dhéanamh dá mbriathar i dtaca leis an oibleagáid atá orthu maidir le filleadh agus athligeran isteach a gcuid náisiúnach féin, agus lánurraim á tabhairt do chearta, oibleagáidí agus freagrachtaí na bpáirtithe faoin dlí ábhartha idirnáisiúnta.
8. Tacaíonn an tAontas go hiomlán leis an obair atá á déanamh ag foireann imscrúdaithe na Náisiún Aontaithe chun cuntasacht a chur chun cinn i leith na gcoireanna a rinne Da'esh/ISIL (UNITAD) agus leis an gcomhar le húdaráis na hIaráice maidir le bailiú agus anailísiú fianaise i gcomhréir le Rún 2379 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. Athdhearbhaíonn an tAontas, de réir a phrionsabail féin, nach bhfuil aon ghlacadh aige le pionós an bháis. Is den tosaíocht ag an Aontas an dul chun cinn sa chuntasacht lena ngabhann próis chuí agus urraim do chearta an duine ina gcás siúd a rinne coireanna san Iaráic, lena n-áirítear trodaithe sceimhlitheoireachta eachtracha.
9. I bhfianaise an teannais atá ann faoi láthair sa réigiún, cuireann an tAontas i dtreis a thábhachtaí atá sé go dtabharfadh gach tír sa réigiún, mar aon leis na gníomhaithe idirnáisiúnta ar fad atá ag plé leis an réigiún, urraim iomlán do cheannasacht na hIaráice agus dá beartas rannpháirtiú go cuiditheach lena comharsana. Is mór an díol sásaimh don Aontas an saothrú leanúnach atá á dhéanamh ag Uachtaránacht agus Rialtas na hIaráice ar bheartas cothromaithe sa réigiún, lena n-áirítear na hiarrachtaí for-rochtana a rinneadh le déanaí.